



“Tá sé mar aidhm ag Comhairle Chontae Laoise rannpháirtíocht a uasmhéadú agus rochtain a chur ar fáil i réimse leathan den taithí ealaíonta trasna gnéithe ealaíon agus de réir ard-chaighdeáin fhoirfeachta. Tá Comhairle Chontae Laoise tiomanta chun cláracha chomhaimseartha forásacha agus inbhuaine a fhorbairt a thugann tacaíocht don uaimhian ealaíonta.”



Clár

Plean Ealaíon Chontae Laoise 2006–2011

Réamhrá	3
Brollach	5
Ráiteas an Chathaoirligh	6
Comhthéacs	7
Aidhmeanna	8
Comhairliúchán	8

Na Cláracha

	9
1. An tSeirbhís Ealaíon	11
2. Ealaíontóirí	13
3. Ealaín Phoiblí agus Scéim an Chéatadáin don Ealaín	15
4. Oideachas: Daoine Óga agus Páistí	17
5. Rannpháirtíocht Ghníomhach: Ealaíon Phobail agus Amaitéaracha	19
6. Ionaid agus Spásanna Eile	21
7. Crios Gan Plean	23



Réamhrá *ón Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Seán Ó Donnchú TD*

Is mór an onóir domsa Plean Ealaíon Laoise 2006–2011 a chur ós bhur gcomhair.

Le sé mbliana déag anuas tá tiomantas leanúnach léirithe ag Comhairle Chontae Laoise d’fhorbairt na n-ealaíon. Tá go leor torthaí ar an dtiomantas leanúnach seo: Scoil Cheoil Laoise, amharclanna d’óige an chontae, Ionad Ealaíon Dunamaise agus an iliomad cláracha dírithe ag an Oifig Ealaíon a thugann tacaíocht sofheicthe agus a chabhrann le h-uas-rannpháirtíocht sna hEalaíon. Go suntasach, tá Comhairle Chontae Laoise tar éis a infheistíocht sna healaíon a dhaingniú le tiomantas díreach do mheasúnú, agus réamhphleanáil straitéiseach. Aithníonn Plean Ealaíon Laoise 2006 – 2011 go bhfuil Laois ag pointe suntasach i bhforbairt ealaíne, agus, aireach faoi éachtaí an Údarás Áitiúil go dtí seo, leagann sé amach plean straitéiseach d’fhorbairt sa toadhcháí.

Léiríonn an Plean an fás ollmhór atá tarlaithe sna hEalaíon in Éirinn thar tréimhse Oifig Ealaíon Laoise. Ó cheapadh an chéad Oifigeach Ealaíon i Laois i 1989, tá dul chun cinn suntasach déanta ar fuaid na tíre chun bonneagar beomhar ealaíon a fhorbairt, chun tacaíocht a thabhairt do ghairmeacha beatha na n-ealaíontóirí agus chun taithí na ndaoine sna healaíona a leathnú agus a dhoimhniú.

Tá ról ríthábhachtach glactha ag Údarás Áitiúla sa bhforbairt seo. Tá caiteachas na nÚdarás Áitiúla sna hEalaíona méadaithe go mór le blianta beaga anuas, rud a léiríonn tiomantas méadaithe do sholáthrú do na healaíona.

Tá Údarás Áitiúla ag taispeáint ceannasaíochta i réimsí éagsúla, ag réiteach an bealach i gcomhair chláracha nuálacha in Ealaín Poiblí, amharclann óige, ealaíon traidisiúnta agus na healaíona san oideachas.

Comhuaineach le fás rannóg na healaíona áitiúla, tá athruithe reachtaíochta le déanaí tar éis cur chuige níos straitéise i leith forbairt ealaíon agus pholasaí a ordú. Faoi Acht Ealaíon 2003 tá sé de dhualgas ar Údarás Áitiúla pleananna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhair forbartha ealaíon ina limistéir, ag taispeáint go bhfuil pleanáil ealaíona mar dhlúth-chuid de Phleanáil Údarás Áitiúla. Tá Comhairle Chontae Laoise cúpla céim chun tosaigh ar Acht 2003, sa mhéid is gurb é seo an tríú phlean atá ullmhaithe ag an Údarás Áitiúil seo.

Tuigeann an Rialtas luach a pháirtnéireacht leis na hÚdarás Áitiúla i bhforbairt na hEalaíona agus aithnítear tábhacht an ghaoil seo chun rannpháirtíocht an uile dhuine a chinntiú. Léiríonn tiomantas roinnte chun rannpháirtíocht sna healaíona a chur chun agus chun tacaíocht a thabhairt do shaothair ealaíontóirí go leanfaidh Comhairle Chontae Laoise ar aghaidh mar eochair-chomhpháirtí ag an Rialtas agus ag eagrais eile sna blianta amach romhainn.

Díríonn Plean Laoise isteach ar bhuanú na gclár ráthúla atá ann faoi láthair chomh maith le cinn nua a bhunú, go háirithe tacaíochtaí nua agus nualácha i gcomhair ealaíontóirí aonaracha. Ina Phlean, tá ceisteanna a bhaineann le cuimsiú sóisialta, athghiniúint pobail, oideachas agus an

aos óg ar chóimhhead lena chéile, mar aon le tiomantas do chaighdeán arda ealaíne, tacaíocht don ealaíontóir aonair agus oscailteacht do shaothar ealaíon nuálach agus dúshlánach. Tá forbairt an Phlean seo tagtha chun críche mar thoradh ar phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin agus idirghníomhú leanúnach idir an phobal ealaíne i Laois agus Comhairle Chontae Laoise, le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon. Tá an comhoibriú leis an earnáil agus le heagraíochtaí chomhpháirtíochta an Údaráis Áitiúil soiléir agus is rannpháirtithe sofheicthe sa Phlean iad saoránaigh Chontae Laoise.

Mar fhocal scoir, tréasláim le gach uile duine a chur an oiread san iarrachta isteach in ullmhú an Phlean Ealaíon seo. Is iad siúd Larry Kavanagh (Cathaoirleach) agus baill Chomhairle Chontae Laoise, Peter Carey (Bainisteoir an Chontae), Declan Byrne, Uas., agus an Coiste Um Beartais Straitéiseacha – Tithíocht Sóisialta agus Cultúrtha, Bridie Keenan, Patsy Lynch agus Nuala Kelly ón Oifig Ealaíon agus ar ndoigh, Muireann Ní Chonaill, An tOifigeach Ealaíon.

Táim cinnte go mbeidh éifeacht doimhin ag éachtaí an Phlean seo, le dea-thionchar ar shaolta iad siúd atá ag maireachtaint i gContae Laoise agus níos faide i gcéin.

Seán Ó Donnchú TD Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta



Brollach

Leagann amach Plean Ealaíon 2006–2011 ár bpolasaí do thacú, do chur chun cinn agus d’fhorbairt na hEalaíona i gContae Laoise don tréimhse cúig bliana amach romhainn. Aithníonn Comhairle Chontae Laoise an dea-chabhair atá tugtha ag na hEalaíona d’fhorbairt leanúnach eacnamaíochta, sóisialta agus chultúrtha an Chontae.

Déanann An Plean Ealaíon athbhreithniú ar an dul chun cinn suntasach atá déanta go dtí seo agus tugann sé creatlach do Chomhairle Chontae Laoise leanúint ar aghaidh le forbairt ar Chlár Comhaimseartha Ealaíon atá slánaithe, éifeachtach agus sofhreagrach.

Beidh forbairt agus cothú eochair-chomhpháirtíochtaí le daoine leasmhara éagsúla mar dhlúth-chuid den phlean nua agus táimid ag súil le freagra dearfach ó gach páirtí a ghlac páirt sa phróiseas.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do gach uile duine a chabhraigh le cur le chéile an phlean, ár nOifigeach Ealaíon, Muireann Ní Chonaill ach go háirithe agus foireann an Roinn Ealaíon. Ba mhaith aitheantas a thabhairt chomh maith d’inchur bail tofa na Comhairle a thugann an-thacaíocht i gcónaí do na hEalaíona.

Táim cinnte go ndéanfaidh an plean seo éascú ar fhorbairt leanúnach sna hEalaíona i gChontae Laoise agus go gcóthóidh sé na caighdeáin arda atá bainte amach againn go dtí seo.

Peter Carey *Bainisteoir an Chontae*

Is é Plean Ealaíon Laoise 2006–2011 an trífú Phlean Ealaíon le bheith curtha i bhfeidhm ag Comhairle Chontae Laoise. Tógann sé an chontae go pointe suntasach i bhforbairt ealaíonta agus ag pointe gur féidir measúnú a dhéanamh ar an méid atá bainte amach le sé bhliana déag anuas.

Neartaíonn Plean Ealaíon Laoise 2006–2011 ár dtiomantas maidir le tacaíocht a thabhairt do chláir reatha ealaíon agus bonneagar agus go háirithe, Scoil Cheoil Laoise, Amharclanna Óige an chontae, Ionad Ealaíon Dunamaise agus cláracha a thugann tacaíocht do agus a spreagann rannpháirtíocht sna hEalaíona. Mar Údarás Áitiúil táimid tiomanta do chuimsiú sóisialta agus creidimid chomh maith go bhfuil sé ar a gcumas ag gach duine sa phobal cur leis agus leas a bhaint as na hEalaíona, ar bhonn fisiciúil agus ar bhonn idé-eolaíochta araon.

Cáipéis oibre chuimsitheach agus rannpháirteach is ea Plean Ealaíon 2006–2011, a thugann cuireadh do dhaoine eile comhoibriú linn ar bhonn straitéiseach chun na hEalaíona sa Chontae a neartú agus a fhorbairt, ag tógaint ar chomhpháirtíochtaí le heagraíochtaí éagsúla agus comhlachtaí maoinithe, ina measc: Comhairle Chontae Laoise, An Chomhairle Ealaíon, An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht, agus Rialtais Áitiúil (*Scéimeanna Céatadáin don Ealaín*), An tÚdarás um Bhóithre Náisiunta (NRA – *Scéimeanna Céatadáin don Ealaín*), An Coiste Gairmoideachais, Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte, Ceantar Lár tíre, Bord Forbartha an Chontae agus Fóram Pobail an Chontae agus eagraíochtaí eile. Fáiltím roimh fhoilsiú an Phlean Ealaíon seo agus táim ag súil le fáilte a chur roimh dhaoine eile a bheith i bpáirt linn ar an dturas amach romhainn chun cur le forbairt na nEalaíon i gContae Laoise.

Declan Byrne – *Tithíocht, Sóisialta & Cultúrtha*

Ráiteas an Chathaoirligh

Chontae forásach is ea Laois, aireach faoina shuíomh lárnach sa tír, a thugann tacaíocht d'fhorbairt i réimsí éagsúla, a thógann gnéithe eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha san áireamh. Lonnaithe go straitéiseach, go náisiúnta agus go réigiúnach, le crosbhealaigh ar gach aon phríomh-bhealach agus an-chóngarach do chathair Bhaile Átha Cliath, chontae tarraingtheach is ea Laois chun athlonnú ann. Tríd is tríd, pobal talmhaíochta ba ea pobal Laoise go traidisiúnta, atá anois ag gluaiseacht chun cinn, ag fáiltiú roimh theicneolaíochtaí fhorásacha agus modhanna cumarsáide chun deiseanna nua a chur ar fáil do mhuintir Laoise.

Tugann nua-aimsearthacht a eacnamaíocht dúshláin nua do Laois chun a chinntiú go mbeidh deiseanna ar fáil sa chontae do chách, le béim ar chuimsiú sóisialta. Bhí an Chomhairle, atá chun tosaigh ag deileáil leis na dúsháin seo, ar cheann de dhá Údarás Áitiúla in Éirinn a fuair maoiniú le déanaí chun straitéis fhrith-bhochtaíneacht a ullmhú don chontae.

Tá méadú tagtha ar éagsúlacht chultúrtha le blianta beaga anuas sa chontae, le níos mó neamhnáisiúnaigh ag cur futhú anseo. Tá cultúr an fháiltithe sa chontae le hobair mhór déanta chun an pobal nua seo a shníomh isteach agus tá saibhreas agus nochtadh ealaíon breise le mothú sa chontae dá bharr.

Cuireann na dúshláin agus na deiseanna atá mar thoradh ar oidhreacht atá ag athrú go tapaigh agus de shíor, stáitse saibhir agus éagsúil ar fáil do chabhair agus do nochtadh ealaíonta. Cuireann fuinneamh cruthaitheach cabhair fhadréimseach ar fáil do chontae, go hairithe ag am fáis agus athruithe ollmhóra agus le linn saolré ár dtríú Phlean Ealaíon. Tá meas againn ar an bhfuinneamh seo agus is mian linn tógaint air.

Larry Kavanagh *Cathaoirleach, Comhairle Chontae Laoise*



Comhthéacs

Is é Plean Ealaíon Laoise 2006–2011 an tríd Phlean Ealaíon le bheith curtha i bhfeidhm ag Comhairle Chontae Laoise. Tógann sé an chontae go pointe suntasach i bhforbairt ealaíonta agus ag pointe gur féidir measúnú a dhéanamh ar an méid atá bainte amach le sé bhliana déag anuas.

Le linn an tréimhse seo bhí Comhairle Chontae Laoise chun tosaigh i bhforbairt ealaíon áitiúil agus bhí Laois ar cheann de na céad Údarás Áitiúil a cheap Oifigeach Ealaíon i 1989.

Gnímh shuntasacha:

- *forbairt seirbhíse ealaíona uile-chontae agus clár cuimsitheach ealaíon;*
- *bunú Ionad Ealaíon Dunamaise (1999) agus Scoil Cheoil Laoise, (2001);*
- *infheistíocht i gcláracha éagsúla ealaíonta a chuireann béim ar dhaoine óga agus páistí agus ról na nEalaíon san Oideachas.*

Leagann Plean Ealaíon 2006–2011 amach ár gclár oibre don todhchaí don tréimhse chúig bliana atá le teacht agus aithnítear go soiléir tiomantas Comhairle Chontae Laoise maidir le neartú agus cothú forbairt chomhaimseartha sna hEalaíona.

I measc tionscnaimh nua tá:

- *Láithreán Gréasáin do na hEalaíona sa chontae a bhunú agus GRÉASÁN LÁRTÍRE;*
- *Gradam Pátrúnachta d'Ealaíontóirí Laoise;*
- *dhá scéim nua, ceann acu ag tacú le cleachtadh ealaíon sóisialta laistigh de phobail ar an imeall, agus an ceann eile, scéim chónaithe athbhreithnithe, chun tacú le tionscnaimh dírithe ag ealaíontóirí.*

Déanfar iniúchadh chomh maith, i gcomhar leis na Rannóga

Pleanala agus Forbartha, ar shlite cruthaitheacha chun tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí a léireodh suim athlonnú go Chontae Laoise.

Leanfar ar aghaidh ag comhoibriú le daoine eile chun na cláracha reatha ealaíon agus bonneagar a láidriú, go háirithe Scoil Cheoil Laoise, Amharclanna Óige an chontae, Ionad Ealaíon Dunamaise agus cláracha a thugann tacaíocht do na hEalaíona agus a spreagann uas-rannpháirtíocht iontu.

Tá an Plean Ealaíon tógtha thimpeall ar seacht gclár lárna. Mar chrann taca na gclár seo, tá ár gcreideamh sa mhéid a chuireann na healaíona le beocht na sochaí chomhaimseartha. Mar Údarás Áitiúil táimid tiomanta ar chuimsiú sóisialta agus go bhfuil sé ar a chumas ag gach duine sa phobal cur leis agus leas a bhaint as na hEalaíona, ar bhonn fisiciúil agus ar bhonn idé-eolaíochta araon.

Tá meas againn ar ról an ealaíontóra agus na ranníocaí cruthaitheacha a dhéanann siad ar shlite éagsúla dár sochaí. Dá bhrí sin, táimid tiomanta chun tacaíocht a thabhairt d'uailmhian ealaíonta trasna *gach* réimse den ealaín. Ní ag saothrú inár naon ar atáimid chun na cláracha seo a sheachadadh, ach i gcomhpháirt le daoine eile – go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta – agus tuigimid an luach atá ag baint leis an deis a d'fháilt comhoibriú le daoine eile d'fhonn spriocanna comónta agus spriocanna a thagann trasna ar a chéile a bhaint amach.

Tá tacaíocht agus acmhainní do **Phlean Ealaíon 2006–2011** ag eascairt as comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí éagsúla agus le comhlachtaí maoinithe, ina measc tá: Comhairle Chontae Laoise, An Chomhairle Ealaíon, An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht, agus Rialtais Áitiúil (*Scéimeanna Céatadáin don Ealaín*), An tÚdarás um Bhóithre Náisiúnta (NRA – *Scéimeanna Céatadáin don Ealaín*), An Coiste Gairmoideachais, Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte, Ceantar Lártíre, Bord Forbartha an Chontae agus Fóram Pobail an Chontae agus eagraíochtaí áitiúla eile.

Spriocanna

- An bonneagar ealaíon reatha a chothú agus a láidriú.
- Cláracha ealaíonta a bhaineann le daoine óga agus páistí a chothú agus a láidriú.
- Suim na ndaoine a spreagadh agus a leathnú chomh maith le rannpháirtíocht ghníomhach sna hEalaíona i ngach gné dár sochaí.
- Tacaíocht a thabhairt do chláir ealaíonta a spreagann cuimsiú sóisialta.
- Cláracha chomhpháirtíochta reatha a chothú agus a láidriú agus comhpháirtíochtaí nua a bhunú laistigh den chontae agus go réigiúnach chomh maith.
- Tacaíocht a thabhairt d'uaimhian ealaíonta.
- Tacaíocht chuí a thabhairt d'úsáid na Gaeilge agus don teanga Ghaeilge trí ealaíon de gach saghas.

Comhairliúchán

Tharla sraith chruinnithe chomhairliúcháin mar chuid de phróiseas forbartha an Phlean Ealaíon, maraon le measúnú ar na pleananna ealaíon a tháinig roimhe.¹ Reachtáileadh seisiúin chomhairliúcháin i gceithre thoghcheantar a chlúdaigh inchur ón rannóg ealaíon, san áireamh: ealaíontóirí, grúpaí ealaíon, grúpaí dhrámaíochta, amharclanna don óige, Ionad Ealaíon Dunamais, Scoil Cheoil Laoise, oifigigh ón Údarás Áitiúil, baill tofa, agus an pobal i gcoitinne.

Eagraíodh cruinnithe ar leith le hAonad Forbartha an Chomhairle Ealaíon agus le Saineolaí san Ealaín Phoiblí de chuid an Chomhairle Ealaíon. Tá an Plean Ealaíon faoi thionchar ag *National Strategy for the Arts* an Chomhairle Ealaíon, An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, *General National Guidelines on Public Art and The Per Cent for Art Scheme* agus Straitéis Bhord Forbartha Chontae Laoise.

1. Ruairi Ó Cuiv *Evaluation of the Laois Arts Plan 2001–2003*, January 2004



Clár Ealaíon an tSamhraidh

Na Cláracha

Tá na cláracha thuasluaite leagtha amach mar na príomh-théamaí inar féidir linn an fhorbairt agus an tacaíocht ab' fhearr a thabhairt do na healaíona sa chontae sna cúig bhliana amach romhainn, dar linn. Níl sé inmholta na cláracha a léamh iontu féin agus is féidir a aithint go bhfuiltear spleách ar a chéile go ginearálta.

1. An tSeirbhís Ealaíon
2. Ealaíontóirí
3. Ealaín Phoiblí agus Scéim an Chéatadáin don Ealaín
4. Oideachas: Daoine Óga agus Páistí
5. Rannpháirtíocht Ghníomhach: Ealaíon Phobail agus Amaitéaracha
6. Ionaid agus Spásanna Eile
7. Crios Gan Plean



1. An tSeirbhís Ealaíon

Polasáí

Chun seirbhís ealaíon d'ardchaighdeán a sholáthar agus a fhorbairt don chontae, leis an Oifig Ealaíon lonnaithe mar sheoladán tábhachtach i bhforbairt ealaíon agus soláthar eolais laistigh den chontae.

Is ionann na hEalaíona agus limistéar fáis d'Údarás Áitiúla agus limistéar níos casta chomh maith de réir mar a aithnítear ar bhonn leanúnach a acmhainneacht chun cabhrú le gnéithe difriúla den tsochaí. Mar thoradh ar seo, tá sé mar fhreagracht againn féachaint conas gur féidir linn an tacaíocht is fearr a thabhairt d'uaimhian ealaíonta agus don ealaíontóir, chomh maith le cur chun cinn 'daonlathas cultúrtha' a chuireann na healaíona ar fáil do chách agus a thógann gach foirm ealaíonta san áireamh, foirmeacha traidisiúnta, ilchúraim, meáin chumarsáide nua agus foirmeacha eile ar a bhfuil an-mheas.

Tá méadú tagtha ar ár gcuid oibre thar na blianta agus leanfar leis seo ar feadh saolré an phlean seo. D'fhonn réimse chlár, seirbhísí agus eolais a chur i gcrích, déanfar infheistíocht inár láithreán gréasáin, ag soláthar eolais suas chun dáta ar ár gcuid oibre, ár seirbhísí, ár ndeontais agus ár scéimeanna, chomh maith le nascanna a sholáthar le comhlachtaí ealaíon ábhartha eile agus le heagraíochtaí mhaoinithe.

Úsáidfean an láithreán gréasáin mar acmhainn eolais chun ár gcuid oibre trasna réimsí cosúil le coimisiúniú ar ealaíon phoiblí, cónaitheachtaí agus cláracha oideachais a thaifeadú srl.

Beidh luacháil mar chuid lárnach agus leanúnach den Phlean Ealaíon, é clúdaithe sa phlean ón tús. Déanfar luacháil a dhearadh chun cabhrú linn monatóireacht, athbhreithniú agus feabhas a chur ar ár gcuid oibre.

Beifear ag comhoibriú le ranna eile san údarás áitiúil cosúil le hOidhreacht, Spóirt, Pleanáil agus Pobal, chun na féidearthachtaí

a bhaineann le cláracha ealaíonta roinnte agus ábhartha a fhorbairt, cláracha a fhásfidh agus a bhainfidh leas as cur chuige ilghnéitheach.

Cur i bhFeidhm

- ▶ An Plean Ealaíon 2006–2011 a mhaoirsiú, a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm (déan tagairt do straitéisí eile laistigh den cháipéis seo).
- ▶ Forbairt ar an láithreán gréasáin agus cinntiú go gcoimeádfar suas chun dáta é le heolas reatha.
- ▶ Luacháil an Phlean Ealaíon a choimisiúniú. Cabhróidh sé seo le sainmhíniú a thabhairt ar tháscairí fheidhmíochta i gcomhair gach clár oibre agus cuirfean ar ár gcumas athbhreithniú agus luacháil a dhéanamh ar an obair atá ar siúl againn. Cabhróidh an luacháil linn féachaint ar fheabhsaithe le linn an phróiseis, ag tógaint aiseolas ó fhoinsí éagsúla san áireamh – ealaíontóirí, an pobal, údarás áitiúil agus páirtneírí.





2. Ealaíontóirí

Polasáí

Aithníonn Comhairle Chontae Laoise an tábhacht a bhaineann le timpeallacht a chruthú a thugann tacaíocht don ealaíontóir agus uaillmhian ealaíonta agus forbairt chruthaitheach na n-ealaíontóirí aonarach.

GRÉASÁN LÁRTÍRE

Déanfar iniúchadh ar bhunú an GHRÉASÁIN LÁRTÍRE lenár gcomharsain: Comhairlí Chontae Uíbh Fháile, na hIarmhí agus Longfort. Cuirfeadh an GRÉASÁN LÁRTÍRE fóram eadar-chontae ar fáil, a fheidhmeoidh mar ghréasán d'ealaíontóirí chun tionscnaimh/cláracha agus eolas a roinnt. Bheadh sé freagrach as an meicníocht is fearr a roghnú do mhalartú eolais idir ealaíontóirí agus idir ealaíontóirí agus lucht féachana, agus chun tús a chur le cláracha chun cleachtadh proifisiúnta a fhorbairt d'ealaíontóirí. Bheadh sé d'acmhainn ag an nGréasán chomhthionscnaimh chomhaimseartha a fhorbairt trasna na gnéithe ealaíonta agus i gcleachtadh idirdhisciplíneach.

GRADAM PÁTRÚNACHTA

Cuirfidh Comhairle Chontae Laoise tús le Gradam Pátrúnachta d'Ealaíontóirí. Cuirfidh an Gradam tacaíocht airgid ar fáil don ealaíontóir, chun seans a thabhairt dó/di díriú isteach ar a c(h)uid saothair. Beidh an Gradam oscailte d'ealaíontóirí ón gcontae, d'ealaíontóirí atá ag cur futhu nó ag obair sa chontae, nó le ceangailt acu leis an gcontae. Beidh sé oscailte d'ealaíontóirí atá bunaithe, le gníomhaíochtaí cruthaithe, agus d'ealaíontóirí atá ag teacht chun solais agus go bhfuil cumas le feiceáil ina gcuid saothair.

Togfaidh critéir an Ghradaim *The Artist and Local Authority* de chuid an Chomhairle Ealaíon san áireamh agus lorgófar measúnú comhchéime ar iarratais. Bronnfar scéim an Ghradaim Pátrúnachta ar bhonn bliantúil.

CÓNAITHEACHTAÍ

Tá tacaíocht tugtha ag Comhairle Chontae Laoise thar na blianta

d'ealaíontóirí trí scéimeanna cónaitheacha. Go ginearálta iarrtar ar an ealaíontóir sna cónaitheachtaí seo obair a dhéanamh i gcomhair le pobail, scoileanna agus grúpaí. Déanfar athbhreithniú ar an gclár seo agus cuirfear clár nua i bhfeidhm a thugann tacaíocht do Scéim d'Ealaíontóirí Cónaitheach a dhíríonn isteach ar chruthú saothair nua.

Tá an réimse do thairiscintí fós oscailte – d'fhéadfadh sé tacaíocht a thabhairt, mar shampla, d'ealaíontóir atá ag cruthú saothair nua – le bheith léirithe nó curtha ar taispeánta sa chontae nó d'fhéadfadh sé tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóir atá ag obair le daoine eile chun a smaointe a fhorbairt i dtreo chruthú obair nua.

Is í an saincheist chriticiúl ná go bhfuil an t-ealaíontóir i gceannas, agus an saoirse aige/aici cur chuige a roghnú a bheadh oiriúnach dá c(h)leachtadh féin. Tá an clár oscailte do ghach gné den ealaín agus díreofar isteach ar fhoirm ealaíne faoi leith gach bliain.

AG MAIREACHTAIN I LAOIS

Ag obair i bpáirt leis na Rannóga Pleanála agus Forbartha agus ag tógaint Plean Forbartha an Chontae 2002–2012 san áireamh, bheadh sé mar aidhm againn slite samhlaíochta a iniúchadh chun ealaíontóirí a mhealladh chun athlonnú anseo. Cuirfear béim sa scéim seo ar bhailte ó Dheas agus i Lár an chontae, lasmuigh de na criosanna chomaitéaracha, áiteanna nach bhfuil an oiread san forbairt tarlaithe, ach go bhfuil sé soiléir go bhfuil go leor le tairiscint ag na ceantair seo mar bhaile maireachtála agus oibre d'ealaíontóirí. (Féach chomh maith faoi Ionaid agus Spásanna eile, Clár 7).

CLÁR TAISPEÁNTAIS Áras an Chontae

Déanfar athstruchtú ar chlár reatha na dtaispeántas in Áras an Chontae, ag teorannú an uimhir go dtí trí in aghaidh na bliana. Déanfar athbhreithniú chomh maith ar leas an chláir seo, maraon leis na féidearthachtaí a bhaineann le feabhsúcháin a chur i bhfeidhm le linn tréimhse an phlean.

MION-LEATHBHLIANTÁN LAOISE

Is é atá i gceist le togra 'Mion-Leathbhliantán Laoise' ná imeacht ealaíon réasúnta beag agus triaileach, a tharlódh gach ré bhliain, agus atá tagtha chun solais mar thoradh ar Shiompóisiam Ealaíontoirí Laoise 2005. Díreoidh Mion-Leathbhliantán Laoise ar *obair nua déanta in situ* ag ealaíontóirí roghnaithe nó a bhfuair cuireadh. Cé go ndíríonn an clár seo go príomha ar na hAmharcealaíona, beidh sé i gceist go gclúdódh sé gnéithe ealaíona eile chomh maith. Déanfar coimeádú, taifeadú agus léirmheas ar an gclár tríd an láithreán gréasáin agus trí fhoilseacháin.

DEONTAIS AN ACHTA EALAÍON

Ceann d'fheidhmeanna forchoimeáda baill tofa an Chomhairle Chontae ná bronnadh na ndeontas de chuid an Achta Ealaíon. Déanfar méadú ar na deontais aonaracha atá ar fáil anseo agus cuirfear i gcatagóirí iad chun tacaíocht d'ealaíontóirí agus do ghrúpaí d'ealaíontóirí a chlúdú (na rannóga ealaíon gairmiúla agus amaitéaracha san áireamh) le:

- puceannach trealaimh, uirlisí agus ábhair:-costais léirithe a bhaineann le saothar nua;
- ábhar cáipéisíochta cosúil le Dlúthdhiosca, Fístéip agus catalóg;
- léiriú/taispeántas nó taighde;
- oiliúint ealaíon agus forbairt chleachtaidh ealaíon.

FÉILE EALAÍONA AGUS CHULTÚRTHA

Tá sé i gceist againn iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le Féile Ealaíon agus Chultúrtha a bhunú sa chontae.

Cur i bhFeidhm

- ▶ Iniúchadh a dhéanamh, i gcomhair lenár gcomharsain, ar bhunú Ghréasáin Lártíre. Beidh coimisiúniú ar pháosa taighde i gceist leis seo, a dhéanfaidh iniúchadh ar réimse an Ghréasáin agus ar a struchtúr oibriúcháin. Déanfar coimisiúniú ar an athbhreithniú i 2006 d'fhonn an Gréasán a bhunú i 2007.
- ▶ Athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár cónaitheach reatha agus tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí in aon ghné atá i mbun saothair nua.
- ▶ Tús a chuir le hidirphlé leis na Rannóga Pleanála agus Forbartha chun féachaint ar shlite cruthaitheacha chun clár a chur le chéile a bheadh tarraingtheach d'ealaíontóirí a bheadh ag smaoineamh ar athlonnú go Laois. Déanfaimid staidéar ar na slite ab'fhearr chun tabhairt faoin gclár seo, ag féachaint ar samplaí ó áiteanna eile in Éirinn agus thar lear, go háirithe áiteanna ina bhfuil béim curtha ar an tábhacht atá ag na hEalaíona agus na hEalaíontóirí agus an ról atá acu laistigh d'eacnamaíochtaí faoin dtuath.
- ▶ Cúnamh airgeadais a chur ar fáil d'ealaíontóirí aonaracha agus do ghrúpaí ealaíon, idir ghairmiúil agus amaitéarach faoi dheontas an Achta Ealaíon.
- ▶ Gradam Pátrúnachta a bhunú d'ealaíontóirí Laoise, ag tógaint san áireamh *The Artist and the Local Authority Document* de chuid an Chomhairle Ealaíon.
- ▶ 'Mion-Leathbhliantán Laoise' a bhunú mar ardán i gcomhair saothair nua *in situ* agus ag tógaint san áireamh na ceisteanna coimeádaithe a tháinig chun solais mar thoradh ar Shiompóisiam Dealbhóireachta Laoise 2005.
- ▶ Mionscrúdú a dhéanamh, i gcomhair le heagraíochtaí ealaíon áitiúla, le healaíontóirí agus le heagraíochtaí cultúrtha agus le rannóga Údaráis Áitiúla, ar fhéidearthacht féile ealaíona agus chultúrtha a bhunú sa chontae.

3. Ealaín Phoiblí agus Scéim Chéatadáin don Ealaín

Polasaí

straitéis a bhunú i gcomhair cur i bhfeidhm na Scéime Chéatadáin don Ealaín, bunaithe ar dhea-chleachtas agus ar Threoirlínte Ginearálta Náisiúnta ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta.

Togra de chuid an Rialtais is ea *Scéim an Chéatadáin don Ealaín*, a chuir An Roinn Oidhreachta tús leis don chéad uair i 1986. Ceadaíonn sé caiteachas suas go 1% (suas go huasmhéid de Euro 65,000) ó bhuiséid tógála phoiblí chun saothair ealaíon a choimisiúniú nó a cheannach. Tá athbhreithniú déanta ar an scéim thar na blianta agus i 2004 d'eisigh An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta treoirlínte chun cur chuige comónta náisiúnta a sholáthar do chur i bhfeidhm *Scéim an Chéatadáin don Ealaín*. Deireann na treoirlínte gur féidir le *Scéim an Chéatadáin don Ealaín* a bheith *'in any form and can work within or across many art forms such as visual arts, dance, film, literature, music, opera, theatre, architecture, performance, life art, multi-media, sound, and video. Works under this scheme can be of any duration, temporary or permanent and can be centred in an urban or rural context'* (tag: www.publicart.ie). Ní gort gan athrú é Ealaín Phoiblí. Tá sé ag athrú de shíor agus é i gcónaí oscailte d'fhoirmeacha nua nochta. Dá bhrí sin, tá sé criticiúil go mbeidh dóthain ama ann do thaighde agus d'fhorbairt nuair atá ealaín poiblí á choimisiúniú.

Cur i bhfeidhm

- ▶ Grúpa Oibre ar an/don Ealaín Phoiblí a bhunú. Beidh ballraíocht ag rannóga éagsúla de chuid na Comhairle a bhfuil buiséid tógála acu ar an ngrúpa seo, san áireamh Oidhreachta, Tithíocht, Iompar, Pleanáil chomh maith le rannóga/daoine aonaracha eile le ról acu i gcruithú ár dtimpeallacht fisiciúil

agus sóisialta. Beidh dhá shaineolaí chruthaitheacha sheachtraí sa ghrúpa chomh maith.

- ▶ Meicníocht a aontú leis an nGrúpa Oibre ar an Ealaín Phoiblí chun uas-úsáid na *Scéimeanna Céatadán don Ealaín* ag Comhairle Chontae Laoise a chinntiú.
- ▶ Tús a chur le cláracha leanúnacha oideachais agus thaighde dár nGrúpa Oibre ar an Ealaín Phoiblí. Beidh líon socraithe léachtanna, cur i láthair agus turasanna allamuigh i gceist gach bliain agus díreofar ar acmhainneacht agus scóip laistigh de réimse na healaíne poiblí, an dea-chleachtais agus modhanna earcaíochta.
- ▶ Chun go ndéanfaidh an Grúpa Oibre ar an Ealaín Phoiblí moladh do Choiste Um Bheartais Straitéiseacha na Comhairle ar ullmhú polasaí ealaín poiblí maidir le saothar ealaíne a choimisiúniú faoi *Scéim an Chéatadáin don Ealaín*.
- ▶ Comhairle ealaíonta agus choimeáda a thabhairt san áireamh ag céimeanna Mionteagaisc agus nuair atá na coimisiúnaithe *Céatadáin don Ealaín* á tógáint i seilbh.
- ▶ Staidéar Caomhnaithe a choimisiúniú chun comhairle a thabhairt faoi dheisiúcháin agus obair chothabhála ar dhealbha poiblí atá ann cheana fhéin.
- ▶ Gach coimisiúniú a thairfead.





4. Oideachas: Daoine Óga agus Páistí

Polasaí

Tá Comhairle Chontae Laoise tiomanta ar chlár inbhuaine oideachais sna healaíona a sholáthar, a thugann tacaíocht do dhiseanna foghlamtha chomh maith le forbairt scileanna agus taighde trasna réimse leathan foirmeacha ealaíon laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais.

Dhíríomar go speisialta ar na hEalaíona san Oideachas. Aithnímid an ról atá ag cláracha oideachais dá leithéad, go háirithe nuair nach bhfuil na healaíona aitheanta mar réimse lárnach laistigh den churaclam scoile. Tá tiomantas na gcomhpháirtithe tar éis ról tábhachtach a ghlacadh i bhforbairt na gclár ealaíona san oideachas agus táthar ag súil le linn tréimhse an phlean seo bonn a chur le comhpháirtíochtaí den tsaghas seo, a chuireann ar chumas tionscnaimh áirithe cosúil le Scoil Cheoil Laoise acmhainn iomlán a shroicheadh.

SCOIL CHEOIL LAOISE

Bunaíodh Scoil Cheoil Laoise i 2001 mar thionscnamh idir Oifig Ealaíon Laoise, An Chomhairle Ealaíon agus Coiste Gairmoideachais Laoise. Bunaíodh an scoil de bharr riachtanas an phobail trí chéile maidir le forbairt cheoil laistigh den cheantar. Tugadh faoi bhailiúchán oibre sara thosnaigh an scoil ag feidhmiú chun an t-easnamh i soláthar oideachas cheoil sa cheantar Lártíre a aithint. Tá an scoil lán, le liosta feithimh, ó bunaíodh í, agus tá sí ag fás bliain i ndiaidh bliana. Tá tinreamh de 330 dalta ag an scoil faoi láthair, le 340 duine eile ar an liosta feithimh.

Seo a leanas príomh aidhmeanna Scoil Cheoil Laoise:

- Cláracha ceoil a fhorbairt a chothóidh forbairt cheolmhar.
- Grá don cheol agus tuiscint ar cheol a chothú.

- Rochtain ar agus rannpháirtíocht i gceol do gach aois a chur chun cinn laistigh den phobal.
- Bearta sainithe a aithint atá dírithe ar ghrúpaí atá go mór faoi mhí-bhuntaíste.
- Tacaíocht do cheol sa Lártíre a chur ar aon líne le pleananna agus tionscnaimh forbartha áitiúla agus náisiúnta.
- Oidhreacht cheoil an chontae mar atá, a chaomhnú agus a chur chun cinn.

Freastalaíonn tionscnamh Scoil Cheoil Laoise ar an bhforriachtanas atá ag an gceantar Lártíre maidir le soláthar oideachas cheoil. D'fhéadfaí forbairt bhreise a dhéanamh ar an dtionscnamh seo sna blianta amach romhainn chun réimse seirbhísí atá cothromasach le scoileanna ceol eile ar fuaid na tíre a sholáthar. Tá ráth leanúnach Scoil Cheoil Laoise ag braith ar an ról a bheidh ag eochair-phairtnéirí atá fós tiomanta don tionscnamh. Dhein Scoil Cheoil Laoise measúnú le déanaí ar a struchtúr agus a seirbhísí d'fhonn straitéis a ullmhú don todhchaí.

Molann an mheastóireacht seo go ndéanfar forbairt níos foirmeálta ar Scoil Cheoil Laoise. Tá Coiste Stiúrtha de chuid na Scoile ag déanamh machnamh faoi chur i bhfeidhm na moltaí.

EALAÍONTÓIRÍ I SCOILEANNA

Tugann Comhairle Chontae Laoise tacaíocht ráthúil do scéimeanna Ealaíontóirí i Scoileanna, ina dtarlaíonn comhoibirí ealaíonta, i ngnéithe éagsúla den ealaín, idir ealaíontóirí agus mic léinn inár mbunscoileanna. Is iad tionscnaimh ghearrthréimhseacha (4 mhí) a bhí i gceist go dtí seo. Cuirfead le faid na gclár seo chun níos mó ama a thabhairt don ealaíontóir tionscnaimh a fhorbairt le mic léinn.

AILTIRÍ I SCOILEANNA

Tugann Comhairle Chontae Laoise tacaíocht ráthúil d'aitire chun comhoibriú le scoileanna sa chontae. Is iad tionscnaimh ghearrthréimhseacha (4 mhí) a bhí i gceist go dtí seo. Cuirfear le faid na gclár seo chun níos mó ama a thabhairt don ailtire tionscnaimh a fhorbairt le mic léinn.

CEARDLANNA SAMHRAIDH SAN EALAÍON DON PHOBAL

Is é atá i gceist le ceardlanna samhraidh san ealaíon don phobal ná sraith bhliantiúil de cheardlanna tugtha ag ealaíontóirí áitiúla i réimse leathan ealaíon, a reachtáiltear in ionaid difriúla ar fuaid Chontae Laoise. Go dtí seo tá ceardlanna reachtáilte san Ealaín, Rince, Drámaíocht, Scríbhneoireacht Chruthaitheach, Ceol, Dealbhóireacht, Potadóireacht agus sa Timpeallacht Chruthaitheach. Cé bhfuil na ceardlanna seo dírithe don chuid is mó ar pháistí agus ar dhaoine óga, tá an clár seo leathnaithe amach againn chun deiseanna a chur ar fáil don phobal i gcoitinne.

Cur i bhfeidhm

- ▶ Scoil Cheoil Laoise a neartú agus comhoibriú leis an scoil chun moltaí ón staidéar measúnaithe a chur i bhfeidhm.
- ▶ Leanúint ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do scéimeanna ealaíontóirí-i-scoileanna.
- ▶ Leanúint ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do scéim an ailtire-i-scoileanna.
- ▶ Leanúint ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do cheardlanna ealaíon samhraidh don phobal ar fuaid an chontae.



5. Rannpháirtíocht Ghníomhach: Ealaíon Phobail agus Amaitéaracha

Polasáí

Deiseanna a chur ar fáil chun taithí sna healaíona a mhéadú agus a leathnú amach, deiseanna a thugann tacaíocht do rannpháirtíocht ghníomhach agus a mhéadaíonn rannpháirtíocht níos leithne, go háirithe i gceantair faoi mhí-bhuntaíste agus i gceantair éagothroime. Cothrom leis an gclár seo tá ár dtiomantas fadtéarmach i leith lucht féachana/éisteachta a mhéadú do na healaíona.

AMHARCLANN ÓIGE

Tá ceithre ghrúpa amharclainne óige bunaithe ag Comhairle Chontae Laoise idir 1993–1995 i bPort Laoise, Móinteach Míleach, Ráth Domhnaigh agus ar an Sráid Bhaile. Ag freastal ar 80 mac léinn, cuireann na hamharclanna óige ceardlanna seachtainiúla ar fáil i réimsí amharclannacha cosúil le mím, rince, cluichí agus cumadh. Tá tacaíocht tugtha chomh maith acu do bhaill chun buaileadh le grúpaí amharclainne eile ar fuaid na tíre, trí mhalartaithe agus féilte. Cé go bhfuil an oiread béime ar phróiseas agus ar rannpháirtíocht is atá ar thoradh deiridh léirithe agus drámaí nua, tá curaclam vitae suntasach ag Amharclanna na nÓg i gContae Laoise, a chlúdaíonn coimisiúin ar dhrámaí nua ó scríbhneoirí Éireannacha cosúil le Pat Boran, Michael Harding agus John Dunne.

Ag an bpointe seo ina bhforbairt, táimid den tuairim go bhfuil sé tábhachtach am a thógaint chun féachaint ar na slite ab'fhearr chun forbairt a dhéanamh ar Amharclanna Óige Laoise. Is mian linn díriú ar cheisteanna faoi fhairsingiú agus neartú, chomh maith le comhairliú teagascóirí/stiúrthóirí agus an seans go ndéanfar coimisiúin ar ealaíontóirí chun dul i mbun saothair le hamharclanna óige m.sh., scríbhneoirí, ealaíontóirí cruthaitheacha, córagrafóirí, ceoltóirí, cumadóirí agus mar sin de.

Déanfar athbhreithniú ar na ceithre amharclanna óige atá sa chontae a choimisiúin, rud a thabharfaidh breithniú ar na slite ab'fhearr chun amharclanna na n-óg a neartú agus a chothú sa chontae.

TIONSCNAIMH EALAÍONA ATÁ GNÍOMHACH GO SÓISIALTA

Cuirfidh Comhairle Chontae Laoise tús le scéim nua d'ealaíontóirí a bhfuil spéis léirithe acu oibriú i gceantair atá faoi mhí-bhuntaíste fisiciúil agus sóisialta. Sa chás seo tá suim againn tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh fhorasacha agus uailmhi-anach ó thaobh na healaíne de in aon mheán agus réimse a chothaíonn ffor-idirghníomhú idir ealaíontóirí agus rannpháirtithe. Spreagfar grúpaí agus daoine eile chun dul i mbun saothair le healaíontóirí chun moltaí a fhorbairt ar shlí chruthaitheach. Cuirfear fáilte roimh bhealaí nua nochta agus roimh eolas a eascraíonn as comhoibriú den tsaghas seo, agus nach bhfuil sásta na healaíona a úsáid mar bhrat-uirlis do chomhtháthú sóisialta. D'fhonn tionscnaimh dá leithéid a chur chun cinn, déanfar breithniú ar chlár píolótach, a thugann tacaíocht do ghrúpaí ar leith oibriú le healaíontóirí ar bhonn taighde ar dtús, a bheidh tiomanta ar fhorbairt agus ar chur i ngníomh na tionscnaimh.

EALAÍON AMAITÉARACHA

Leanfar ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta agus ag léiriú measa ar rannóg na n-ealaíona amaitéaracha agus an mhéid a thugann sé chun timpeallacht ilchineálach ealaíon a chruthú sa chontae. Leanfar ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta don rannóg seo trí dheontais an Acht Ealaíon (féach clár 3), trí chomhairle agus trí scéimeanna oiliúna.

OILIÚINT I SLITE FOIRMEACHA EALAÍON

Tá infheistíocht déanta ag Comhairle Chontae Laoise i

scéimeanna oiliúna i bhfoirmeacha ealaíon faoi leith cosúil le Scéalaíocht agus Scríbhneoireacht Chruthaitheach. Leanfaimid ar aghaidh ag comhoibriú leis an gCoiste Gairmoideachais chun forbairt ar chlár oiliúna den tsaghas seo a dhéanamh foirmeálta, ag díriú ar fhoirmeacha ealaíon faoi leith.

Cur i bhfeidhm

- ▶ Athbhreithniú ar amharclanna óige sa chontae a choimisiúniú.
- ▶ Scéim Phíolótach a thabhairt isteach a thugann tacaíocht do chleachtadh ealaíon atá gníomhach go sóisialta, ag díriú ar limistéir ar an imeall agus ar limistéir éagothroime. Cuirfear am ar fáil ag an tús chun ligint do na healaíontóirí agus do ghrúpaí moltaí a fhorbairt ar shlí chruthaitheach.
- ▶ Leanúint le tacaíocht d'oiliúint i réimsí fhoirmeacha ealaíon agus an scéim seo a dhéanamh foirmeálta leis an gCoiste Gairmoideachais.
- ▶ Comhoibriú le heagraíochtaí sláinte áitiúla ar chlár a bhaineann le healaín sa tsláinte.



Amharclann Óige Laoise



6. Ionaid agus Spásanna Eile

Polasáí

Leanúint ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta d'Ionad Ealaíon Dunamaise mar phríomh-ionad léirithe agus táispeántais an chontae agus féachaint an féidir spásanna eile a fhorbairt do na healaíona ar fuaid an chontae, spásanna oibre agus stiúideó ach go háirithe.

IONAD EALAÍON DUNAMAISE

Is é Ionad Ealaíon Dunamaise príomh-ionad léirithe agus táispeántais an chontae. Tá sé ag feidhmiú le sé bhliana anuas, osclaíodh é i mBealtaine 1999. Tá clár ealaíonta ilchineálach d'ardchaighdeán curtha ar fáil agus tá ról tábhachtach ag an ionad i gcruthú lucht éisteachta do na healaíona go háitiúil.

Tá na dúshláin atá anois os comhair an Ionaid difriúil ó na dúshláin a mbíonn os comhair eagraíocht atá ag tosnú amach agus tá na príorachtaí seo a leanas aitheanta ag Ionad Ealaíon Dunamaise do na blianta amach romhainn:

- A cháil mar ionad d'ardchaighdeán sna taibh-ealaíona agus sna hamharcealaíona a neartú agus a dhaingniú.
- Forbairt ar lucht éisteachta/féachana
- Rochtain Chomhchoitianta

Faigheann sé buiséad bliantúil ioncaim agus cláracha ón gComhairle Chontae agus ón gComhairle Ealaíon, le chéile is ionann é seo agus 42% den ioncam iomlán. Tá a chéad Straitéis Ealaíon foilsithe ag an Ionad le déanaí, a aithníonn an ról atá aige chun pobal ealaíonta proifisiúnta a chruthú go háitiúil agus mar acmhainn d'fhorbairt eagraíochtaí agus imeachtaí ealaíon go háitiúil. Feictear dúinn go mbeidh ioncam de Euro 3.9 million ag teastáil ó Ionad Ealaíon Dunamaise thar tréimhse an phlean.

SPÁSANNA EILE

Déanfar breithniú trí chomhoibriú idir Ranna, agus leis na Ranna Pleanála agus Forbairtha ach go háirithe, ar an bhféidearthacht a bhaineann le spásanna a chruthú nó a fhorbairt a bheadh in úsáid ag ealaíontóirí mar spásanna oibre agus stiúideó agus chun saothar a thaispeánt nó a léiriú. Tá suim againn i réitigh shamhlaíochta chun ealaíontóirí a mhealladh chun teacht chun cónaithe i Laois, go háirithe i ndeisceart agus i lár an chontae. (féach chomh maith clár a 3).

Cur i bhfeidhm

Déanfaidh Comhairle Chontae athbhreithniú ar Straitéis Ionad Ealaíon Dunamaise.

- ▶ Tacaíocht airgid Ionad Ealaíon Dunamaise a mhéadú diaidh ar ndiaidh.
- ▶ Ionad Ealaíon Dunamaise a aithint, acmhainneacht a bhaineann le tionscnaimh fhor-rochtana roinnte a dhíríonn ar mhéadú lucht éisteachta/féachana agus rannpháirtíochta.
- ▶ Breithniú ar stiúideó agus spásanna oibre agus spásanna eile i gcomhair léirithe agus taispeántais a chur san áireamh mar chuid de *Chlár Cónaithe i Laois* (féach clár a 3).





7. Crios Gan Plean



Polasaí

Pleanáil don Neamh-Phleanála

Le linn an phlean seo dáilfear buiséad i gcomhair chláracha/tionscnaimh ealaíonta gan choinne a thagann aniar aduaidh orainn agus/nó ceadófar tuilleadh infheistíochta i scéimeanna agus tionscnaimh atá ann faoi láthair atá ag forbairt ar shlí atá an-shuimiúil agus a bhainfeadh leas as acmhainní breise. Is féidir an buiséad anseo a chaitheamh ar líon áirithe tionscnaimh/cláracha beaga nó ar tionscnamh mór amháin. Is é an aidhm atá aige ná tacaíocht a thabhairt do sholúbthacht agus polasaí doras oscailte a sholáthar inar féidir le healaíontóirí, comhpháirtithe, pobail, grúpaí ealaíon, daoine aonarach, féilte agus imeachtaí smaointe a chur faoi bhráid an Oifig Ealaíon.

Cur i bhfeidhm

- Crios Gan Plean a chuir ar cois – chun tacú le himeachtaí gan choinne.



COMHAIRLE CHONTAE LAOISE

PLEAN EALAÍON CHONTAE LAOISE 2006–2011

Cóipcheart © Comhairle Chontae Laoise 2006

Oifigeach Ealaíon Muireann Ní Chonaill

An Oifig Ealaíon, Comhairle Chontae Laoise

Áras an Chontae, Port Laoise, Co Laoise

G 0502 74344

F 0502 74382

R artsoff@laoiscoco.ie

www.laois.ie

Stiúrthóir Seirbhísí – Tithíocht, Sóisialta agus Cultúrtha – Declan Byrne

Ba mhaith le Comhairle Chontae Laoise tacaíocht gach duine a chabhraigh le forbairt an Phlean Ealaíon seo a admháil.

Buíochas faoi leith le:

Comhairleoir Ealaíon an Phlean – Clíodhna Shaffrey

Aistritheoir – Caitriona Breathnach

Fótografaíocht – Alf Harvey agus James Fraher

An Cathaoirleach agus baill Chomhairle Chontae Laoise

Coiste Um Beartais Straitéiseacha – Tithíocht Sóisialta agus Cultúrtha

Bainisteoir agus Foireann Chomhairle Chontae Laoise

Foireann na hOifige Ealaíon & Scoil Cheoil Laoise

Foireann An Chomhairle Ealaíon

Bainisteoir Ionaid Ealaíon Dunamaise – Louise Donlon

Na heagraíochtaí ealaíona agus daoine aonaracha sa chontae a ghlac páirt agus a d'fhreastal ar chruinnithe le linn an phroiséas chomhairliúcháin.

COMHAIRLE CHONTAE LAOISE

LAOIS ARTS PLAN 2006–2011

